



AN CHÉAD CHOLÚN DE CBT: I — COMHEAGRÚ NA MARGAÍ (CEM) I DTÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA

Is é CEM an creat do na bearta margaidh dá bhforáiltear faoi CBT. Tar éis sraith athchóirithe a bheith ann, rinneadh 21 CEM ar leithligh a chódú in 2007 ina CEM aonair, agus na táirgí talmhaíochta go léir á gcumhdach aige. Leis na hathchóirithe a rinneadh ar CBE, rinneadh an beartas níos margadh-dhírthe de réir a chéile agus laghdaíodh ról na n-uirlisí idirghabhála, uirlisí a mbreathnaítear orthu anois mar bhearta sábháilteachta nach mbeidh le húsáid ach amháin i gcás géarchéime.

BUNÚS DLÍ

Airteagal 38 go 44 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), [Rialachán \(AE\) Uimh. 1306/2013](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus [Rialachán \(AE\) Uimh. 1370/2013](#) ón gComhairle.

RÉAMHRÁ: Ó 21 CEM CHUIG CEM AONAIR

Tá CEManna ina gcuid ríthábhachtach den chomhbheartas talmhaíochta (CBT) ó bunaíodh é, agus creat á sholáthar acu do scéimeanna tacaíochta margaidh a cuireadh ar bun in earnálacha talmhaíochta éagsúla.

Cuireadh CEManna ar bun mar bhealach chun cuspóirí CBT (Airteagal 40 CFAE) a chomhlíonadh, agus go háirithe chun margaí a chobhsú, chun caighdeán maireachtála d'fheirmeoirí a áirithiú agus chun táirgeacht talmhaíochta a mhéadú. Leis na CEManna, cumhdaítear na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE agus cuimsítear iontu raon sásraí lena rialaítear táirgeadh agus trádáil na dtáirgí sin in AE. Athraíonn na ráthaíochtaí a sholáthraítear faoi na sásraí sin de réir shaintréithe sonracha na dtáirgí aonair. Tagann bearta margaidh CEM faoi chéad cholún CBT.

Bhí 21 CEM ar leithligh ann agus táirgí sonracha á gcumhdach ag gach ceann agus iad uile faoi rialú a rialachán bunúsach féin roimh theacht i bhfeidhm CEM aonair in 2007 ([Rialachán \(CE\) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle](#)). Bunaíodh na CEManna go príomha ar ráthaíochtaí praghais i dtosach; ach rinneadh na ráthaíochtaí sin a laghdú agus a fhritháireamh de réir a chéile, ar dtús go hiomlán agus ansin go páirteach trí chabhair dhíreach a dheonú. Tar éis athchóiriú 2003 ([3.2.3](#)), rinneadh formhór na cabhrach díri a bhí mar chuid de CEM a dhíchúpláil ón táirgeadh (le bunú scéim na híocaíochta aonair) agus rinneadh í a aistriú ó Rialachán CEM chuig [Rialachán \(CE\) Uimh. 1782/2003](#) ar dtús agus ansin, tar éis an Scrúdú Sláinte a ghlacadh, chuig [Rialachán \(CE\) Uimh. 73/2009](#).



Athraíodh na huirlisí idirghabhála go mór dá bhrí sin, trí shraith athchóirithe agus breathnaítear orthu anois mar ‘bhearta sábháilteachta’, i.e. ní úsáidtear iad ach amháin i gcás géarchéimeanna atá nasctha le mórshuaitheadh ar an margadh. Maidir leis na bearta tacaíochta praghais, níor coimeádadh ach amháin na praghsanna idirghabhála (na praghsanna ráthaithe ar faoina mbun a cheannaíonn comhlacht idirghabhála arna cheapadh ag na Ballstáit na cainníochtaí a tháirgtear agus a dhéanann iad a stóráil). Rinneadh laghdú suntasach ar scála na hidirghabhála (féach an mhír thíos maidir le cistiú AE ar CME).

POSTÁIL NUA- CEM 2013

Tá na rialacha maidir le CEM thar a bheith casta: tá 232 alt ann i Rialachán bunúsach CEM, agus sa bhreis air sin an líon mór rialacha a eascraíonn as na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.

Sonraítear i CEM na táirgí talmhaíochta a chumhdaítear ann. Tá gné inmheánach aige a chumhdaíonn idirghabháil an mhargaidh agus rialacha maidir le margáíocht agus eagraíochtaí táirgeoirí agus gné sheachtrach a chumhdaíonn trádáil le tríú tíortha (teastais allmhairithe agus onnmhairithe, dleachtanna ar allmhairí, cuótaí taraife, aisíocaíochtaí onnmhairithe, etc.) a riaradh. Déileálann CEM leis na rialacha iomaíochta is infheidhme maidir le gnóthaí agus na rialacha i leith státchabhrach. Clúdaíonn sé freisin forálacha ginearálta maidir le bearta eisceachtúla (lena n-áirítear bearta chun cosaint a dhéanamh ar shuaitheadh mar thoradh ar luaineachtaí praghais nó imeachtaí eile, bearta tacaíochta margaidh i gcás ráigeanna de ghalair ainmhithe nó cailleanas muiníne tomhaltóra mar gheall ar rioscaí don tsláinte phoiblí, do shláinte ainmhithe nó plandaí, agus bearta a bhaineann le cleachtais chomhbheartaithe a ghlactar nuair a bhíonn míchothromaíochtaí tromchúiseacha ag margáí) agus an cúlchiste nua le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta.

Is ionstraim nua é an cúlchiste seo a ceapadh chun tacú leis an earnáil nuair a bhíonn tionchar ag géarchéimeanna ar tháirgeadh agus/nó ar dháileadh. Cuirtear ar bun é gach bliain trí laghduithe ar íocaíochtaí díreacha faoin sásra smachta airgeadais ([Rialachán \(AE\) Uimh. 1306/2013](#)). Níl feidhm ag smacht airgeadais ach amháin le híocaíochtaí díreacha sa bhreis ar EUR 2 000. Íoctar aon airgead cúlchiste nach n-úsáidtear i mblain áirithe chuig feirmeoirí. Is é atá sa cúlchiste don tréimhse 2014-2020 seacht dtráthchuid bhliantúla chomhionanna de EUR 400 milliún (i.e. EUR 2.8 billiún san iomlán). Is féidir an cúlchiste géarchéime a úsáid chun bearta eisceachtúla a mhaoiniú chun cur i gcoinne suaitheadh sa mhargadh.

Athbhreithníodh na córais idirghabhála poiblí agus cabhrach stórála príobháidí chun iad a dhéanamh níos freagraí agus níos éifeachtaí. Rinneadh an tréimhse idirghabhála d’im agus púdar bainne bhearrtha a fhadú aon mhí amháin. bíonn feidhm ag tairiscint uathoibríoch maidir le bainne agus púdar bainne bhearrtha os cionn uasteorainneacha áirithe; i gcás ime, méadaíodh an uastoirt maidir le ceannach isteach ar phraghas seasta go 50 000 tonna; agus tá cáiseanna áirithe de shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC) nó de thásc geografach faoi chosaint (TGFC) incháilithe do chúnamh le haghaidh stóráil phríobháideach.



Maidir le bearta rialaithe soláthair, tháinig deireadh leis an scéim cuóta siúcra an 30 Meán Fómhair 2017 agus tháinig deireadh faoin CEM nua le scéimeanna um cheart plandála in earnáil an fhíona ag deireadh 2015. Tá scéim nua tugtha isteach anois lena rialaítear údaruithe nua plandála don tréimhse 2016-2030 (i gcomhréir leis na moltaí a rinne an Grúpa Ardleibhéil maidir le fíon i mí na Nollag 2012). Féadfaidh údaruithe plandála finiúnacha méadú suas le 1% sa bhliain.

Chuaigh cuótaí na hearnála déiríochta in éag, mar a bhí sceidealta, an 31 Márta 2015. Rinneadh na forálacha um ‘mionphacáiste bainne’ maidir le caidreamh conarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne ([Rialachán \(AE\) Uimh. 261/2012](#)) a ionchorprú sa rialachán nua. Is é is aidhm leo borradh a chur faoi chumhacht mhargála na dtáirgeoirí bainne sa slabhra soláthair. Lamhálann siad do na Ballstáit conarthaí i scríbhinn a éileamh idir na feirmeoirí agus na próiseálaithe déiríochta. Leis na forálacha sin freisin, is féidir leis na feirmeoirí conarthaí a chaibidlíú go comhpháirteach trí eagraíochtaí táirgeoirí. Féadfar soláthar cháis STFC/TGFC a rialú freisin trí eagraíochtaí táirgeoirí. I mí na Samhna 2016, d’fhoilsigh an Coimisiún an dara tuarascáil maidir le hoibriú an ‘phacáiste bainne’ agus is é an tátal a bhain siad as go dtreisíonn sí staid na dtáirgeoirí déiríochta laistigh den slabhra soláthair.

Thairis sin, leathnaíodh na cláir chun tomhaltas torthaí agus bainne a chur chun cinn ar scoil, agus tá an buiséad bliantúil do chlár torthaí na scoile méadaithe ó EUR 90 milliún go EUR 150 milliún. Le [Rialachán \(AE\) Uimh. 2016/791](#), cuireadh feabhas ar an mbealach ina n-oibríonn na cláir sin.

Leathnaíodh na forálacha maidir le heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe chuig gach earnáil chun cumhacht mhargála feirmeoirí a neartú. Tiofadh an maoiniú riachtanach ón mbuiséad forbartha tuaithe. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na hola olóige, an bhairr arúil, na mairteola agus na laofheola, faoi choinníollacha áirithe páirt a ghlacadh i gcomhchaibidlíochtaí thar ceann a gcomhaltaí. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Coimisiún eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta, comhlachais eagraíochtaí den sórt sin, agus eagraíochtaí idirchraoibhe aitheanta bearta sealadacha a ghlacadh chun na margaí a chobhsú (amhail tarraingt siar ón margadh agus stóráil ag oibreoirí príobháideacha).

Coinníodh aisíocaíochtaí ar onnmhairí chuig tríú tíortha faoin rialachán nua, ach ní dhéantar é sin ach amháin i gcás táirgí áirithe agus ní dhéantar é sin ach amháin nuair a bhíonn coinníollacha maidir leis an margadh inmheánach ag teacht leis na coinníollacha a leagtar síos le haghaidh coinníollacha eisceachtúla.

Bhí sé ina chnámh spairne le linn caibidlíochtaí athchóirithe CEM CBT a ailíniú le Conradh Liospóin (go háirithe maidir le hábhair bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 43(3) CFAE, ina luaitear gur ag an gComhairle amháin atá an chumhacht chinnteoireachta). Dá réir sin, tá roinnt beart maidir le hidirghabháil phoiblí agus stóráil phríobháideach, cláir dáileacháin i scoileanna, aisíocaíochtaí onnmhairithe agus earnáil an tsiúcra anois faoi inniúlacht eisiach na Comhairle (Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ([3.2.1](#))).



CISTIÚ CEM

Cistítear CEM tríd an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). In 2017, ba thart ar EUR 3.1 billiún é méid iomlán na ngealltanais, 6.9% de chaiteachas iomlán CETFT. Taispeántar an laghdú géar ar na haisíocaíochtaí onnmhairithe i dTábla 1.

Tábla 1: Caiteachas CETFT ar idirghabháil sa mhargadh talmhaíochta (EUR milliún)

	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017
Stóráil	173.4	93.6	- 194.6	17.4	25.1	5.1	18.4	52.4	27.6
Aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin	649.5	385.1	179.4	146.7	62.4	4.5	0.3	0.6	0.0
Bearta eile margaidh	3 083.5	3 454.8	3 428.3	3 344.5	3 217.2	2 579.6	2 698.0	3 185.2	3 061
Iomlán	3 906.4	3 933.5	3 413.1	3 508.6	3 304.7	2 589.2	2 716.7	3 238.2	3 088.6

Foinse: Tuarascálacha airgeadais ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Murab ionann agus cabhair dhíreach agus forbairt tuaithe, ní leithdháiltear aon réamh-mhaoiniú do bheart margaidh faoi bhuiséid náisiúnta. Sa tréimhse 2014-2020, ba cheart gur thart ar 4% (EUR 17.5 billiún) de bhuiséad CBT a bheadh sa chistiú atá ar fáil do bheartais mhargaidh AE (lena n-áirítear an cúlchiste géarchéime).

Tugadh CEM chun tosaigh leis na géarchéimeanna in earnáil an bhainne, na muiceola agus, na dtorthaí agus na nglasraí. Ghlac an Coimisiún trí shraith de bhearta tacaíochta: i Meán Fómhair 2015, i Márta 2016 agus in Iúil 2016. Bhí sé mar aidhm ag an gcéad phacáiste beart, ag a raibh cistiú, arbh ionann é agus EUR 500 milliún sreabha airgid thirim feirmeoirí a éascú agus míchothromaíochtaí margaidh a laghdú (go háirithe trí scéim stórála príobháidí le haghaidh muiceola agus cabhair a mhéadú le haghaidh stóráil phríobháideach ime agus púdar bainne bearrtha. I mí an Mhárta 2016 d'agair an Coimisiún beart eisceachtúil den chéad uair (faoi Airteagal 222 de Rialachán CEM) lenar lamháladh d'eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochtaí idirchraoibhe agus do chomharchumainn in earnáil na déiríochta comhaontuithe deonacha a dhéanamh chun táirgeadh a theorannú. Bhí sé sin sa bhreis ar an méadú sealadach ar an Státchabhair agus ar dhúbailt na n-uasteorainneacha idirghabhála do phúdar bainne bearrtha agus d'im. Ar deireadh, rinneadh foráil i bpassáiste beart i mí Mheán Fómhair 2016 maidir leis na nithe seo a leanas: scéim ar fud AE chun an laghdú ar tháirgeadh bainne (EUR 150 milliún) a dhreasú; cabhair choigeartaithe choinníollach, a chinnfidh agus a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm ar bhonn liosta a bheidh molta ag an gCoimisiún (EUR 350 milliún a fhéadfaidh na Ballstáit a mheaitseáil as a gcistí náisiúnta féin); bearta teicniúla chun méid solúbthachta a sholáthar (maidir le tacaíocht chúpláilte mar shampla); faoiseamh ar shreabhadh airgid, agus sásraí sábháilteachta treisithe (trí idirghabháil agus cabhair stórála príobháidí le haghaidh púdar bainne bearrtha). Níor úsáideadh an cúlchiste géarchéime go dtí seo.



Rinne an tascfhórsa a bunaíodh i mí Eanáir 2016 chun breithniú a dhéanamh ar thodhchaí bheartas an mhargaidh talmhaíochta a thuarascáil dheiridh a thíolacadh i mí na Samhna 2016. Ghlac Parlaimint na hEorpa moltaí na meithle trí leasuithe breise a chur síos do rialachán ‘omnibus’ a bhí beartaithe ([COM\(2016\) 0605](#), Samhain 2016 0605, le linn athbhreithniú meán-téarmach chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 ([3.2.9](#)). Thángthas ar chomhaontú leis an gComhairle i mí Dheireadh Fómhair agus foilsíodh an téacs i mí na Nollag 2017 ([Rialachán \(AE\) Uimh. 2393/2017](#)).

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ba é an ‘mhionphacáiste bainne’ ([Rialachán \(AE\) Uimh. 261/2012](#)) an chéad phíosa de reachtaíocht talmhaíochta a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle faoin ngnáthnós imeachta reachtach.

Ba cheann de na hábhair ba mhó caint é CEM sa chaibidlíocht ar CBT nua. As na ceithre rialachán a bhaineann le CBT a ndearnadh vótáil orthu i bpáirtseisiún 2013, ba é Rialachán CEM an rialachán ba dheacra le buachan (glacadh é ar deireadh thiar le 375 vóta i gcoinne 277 vóta). Ba é ba mhó ba chúis leis sin gur dhírigh sé ar shaincheisteanna an-íogair amhail rialáil margaí talmhaíochta, cur i bhfeidhm rialacha iomaíochta ar thalmhaíocht, agus róil na n-institiúidí i CBT (go háirithe Airteagal 43(3) CFAE). Ina cháil mar chomhreachtóir, tá a rian fágtha ag an bParlaimint ar an Rialachán nua. Mar shampla, bhí sí taobh thiar d’aischur cruithneachta crua ar liosta na dtáirgí atá incháilithe le haghaidh idirghabhála, den mhéadú ar an teorainn chainníochtúil le haghaidh idirghabháil phoiblí don im (50 000 tonna, seachas 20 000 sa togra ón gCoimisiún), cáis STFC/TGFC a chur isteach ar liosta na dtáirgí atá incháilithe don chabhair le haghaidh stóráil phríobháideach, den mhéadú ar an uasteorainn do chúnadh airgeadais AE d’eagraíochtaí táirgeoirí agus do chomhlachais d’eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, fad a chur le córas an chuóta siúcra go 2017, agus leanúint de scéim údarúcháin um plandáil finiúnacha tar éis chríoch na scéime i ndáil le cearta plandála.

Coimeádann an Pharlaimint súil ghéar ar na gníomhartha tarmligthe a bhaineann le CEM arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún chun a áirithiú go bhfuil siad sin i gcomhréir leis an gcomhréiteach ar thángthas air faoin athchóiriú. Le fírinne, is féidir leis an bParlaimint agóidí a dhéanamh i dtaca leis na gníomhartha sin, agus i gcásanna áirithe freagairt tríd an gníomh lena mbaineann a aisghairm ([3.2.1](#)).

Tá súil an-ghéar á coimeád freisin ag an bParlaimint maidir leis na bearta a ghlactar chun dul i ngleic leis an ngéarchéim san earnáil talmhaíochta.

Ar deireadh, mar chomhlánú ar an rialachán CEM, i mí an Mhárta 2019 ghlac an Pharlaimint rún reachtach maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir faoi chleachtais éagóracha trádála i gcaidrimh gnólacht le gnólacht sa slabhra soláthair bia^[1]. Chun cleachtais nach bhfuil de mheon macánta, atá éagórach agus-nó a bhforchuireann comhpháirtí trádála amháin iad ar cheann eile, bunaítear leis an treoir nua atá beartaithe liosta íosta de na cleachtais tráchtála éagóracha toirmisceithe sa chaidreamh idir ceannaitheoirí agus soláthróirí i slabhra an tsoláthair agraibhia. Ghlac

[1]Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0152.



an Chomhairle an gníomh reachtach tar éis chéad léamh na Parlaiminte in Aibreán 2019.

Albert Massot
05/2019

